

Cúnamh Éireann – Clár cúnamh oifgiúil na hÉireann thar lear

DO DHAOINE AGUS DON DOMHAN

GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN, 2017



CAD IS CÚNAMH ÉIREANN ANN?

Is é Cúnamh Éireann clár cúnamh oifigiúil na hÉireann thar lear do thíortha atá i mbéal forbartha. Déanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála bainistíocht air. Comhoibríonn Cúnamh Éireann le rialtais agus eagraíochtaí forbartha in os cionn 80 tír.

Cuireann Cúnamh Éireann na nithe seo a leanas ar fáil:

- > Cúnamh daonnúil éigeandála tdo phobal atá buailte le cogadh, athrú aeráide agus nuair a bhíonn an aimsir thar a bheith go dona
- > Cúnamh forbartha – cúnamh d'fheabhsuithe fadtéarma do phobail i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan

Oibríonn Cúnamh Éireann le 8 dtír chomhpháirtíochta san Afraic agus san Áise chun dul i ngleic leis an ocras, bochtaineacht, athrú aeráide agus neamhionannas agus chun tacú le cearta an duine. Tá clár Chúnamh Éireann rangaithe go hidirnáisiúnta mar cheann de na cláir is fearr ar domhan.



AIDHM GHRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN

Bhunaigh Cúnamh Éireann Gradaim Ár nDomhan in 2005 chun:

- > an tuiscint atá ag daltaí ar Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe agus obair Chúnamh Éireann a mhéadú
- > cabhrú le daltaí na naisc a fhiosrú idir a saol féin agus saol na leanaí atá i dtíortha atá i mbéal forbartha

SPRIOCANNA DOMHANDA NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT INBHUANAITHE

In 2015, chomhaontaigh na Náisiúin Aontaithe sraith de 17 Sprioc Domhanda chun déileáil leis na fadhbanna níos tromchúisí atá i ndán don domhan, ar nós an bhochtaineacht, an éagóir agus an damáiste atá á dhéanamh don timpeallacht. Leis na Spriocanna seo, a d'eascair as an méid a baineadh amach i Spriocanna Forbartha Mílaoise na NA a bhí ann roimhe seo, táthar ag iarraidh todhchaí níos fearr a bhaint amach do leanaí ar fud an domhain agus don todhchaí.

Ó 2000 ar aghaidh, mar thoradh ar Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe rinneadh feabhsuithe móra do dhaoine an domhain, mar shampla:

- > Laghdaíodh líon na ndaoine atá ag fulaingt mar gheall ar an ocras faoi **220 milliún duine**
- > Laghdaíodh líon na ndaoine atá fíorbhocht **faoina leath**
- > Tháinig laghdú ar líon na leanaí nach bhfuil ar scoil ó **100 milliún leanbh go 57 milliún leanbh**
- > Tháinig laghdú ar líon na leanaí faoi 5 bliana d'aois atá ag fáil bháis gach bliain mar gheall ar an ocras agus galar **faoina leath**

Ach fós, sa domhan seo againne ina bhfuil níos mó ná 7.5 billiún duine

- > Tá beagnach **800 milliún duine** ar fud an domhain nach bhfuil in ann teacht ar dhóthain bia
- > Fuair tuairim is **5.9 milliún** leanbh faoi bhun 5 bliana d'aois bás in 2015, ar chúiseanna inchoiscthe den chuid is mó
- > Tá **57 milliún** leanbh fós ar fud an domhain atá ar aois bunscoile nach bhfuil ag dul ar scoil
- > Tá níos mó ná **23,000 speiceas** d'ainmhithe ar fud an domhain atá i mbaol a ndíothaithe, a mbeidh éifeacht acu ar na héiceachórais a mbímid ag brath orthu don tsláinte, cothú, slíthe beatha agus caitheamh aimsire

*Foinsí: Tuarascáil Spriocanna Forbartha Mílaoise na Náisiún Aontaithe, 2015; Tuarascáil Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, 2016.

✳ Tá gealltanas tugtha ag 193 tír, Éire san áireamh, comhoibriú le chéile agus dul i ngleic leis na dúshláin domhanda seo agus na Spriocanna Domhanda a bhaint amach faoin mbliain 2030.

AN TÉAMA DO GHRADAIM 2017: 'DO DHAOINE AGUS DON DOMHAN'

Leis an téama i mbliana spreagtar daltaí tuiscint a fháil faoi nádúr idirspéiceas an domhain ina bhfuilimid, agus na naisc atá idir daoine, ainmhithe agus an timpeallacht, in áiteanna in aice láimhe agus i bhfad i gcéin.

Trí bheith rannpháirteach sna Gradaim, déanfaidh daltaí iniúchadh ar na naisc idir a saol féin agus daol na ndaoine atá i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus foghlaimíodh siad faoin gcaoi ina bhfuil tíortha saibhre agus bochta araon ag comhoibriú le chéile le domhan agus todhchaí níos fearr a chruthú trí na Spriocanna Domhanda. Cuidíodh na Gradaim freisin le daltaí breathnú ar cad is féidir leo, mar leanaí in Éirinn, a dhéanamh do dhaoine agus don domhan.

CÉ ATÁ IN ANN PÁIRT A GHLACADH ANN?

Is féidir tabhairt faoi na tionscadail i mbeirteanna, i ngrúpa, rang, nó mar scoil uile.

Poblacht na hÉireann: Rang a 3, Rang a 4, Rang a 5 agus Rang a 6

Tuaisceart Éireann: Bliain 5, Bliain 6 agus Bliain 7

Scoileanna Riachtanas Speisialta: Daltaí idir 7 – 18 mbliana d'aois

NAISC CHURACLAIM

Má ghlactar páirt ann cuirfear deiseanna foghlama ar fáil do dhaltai a bhaineann go díreach leis an gcuraclam bunscoile, lena n-áirítear mar seo a leanas:

Poblacht na hÉireann:

- > Teanga
- > Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
- > Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíoch
- > Oideachas Reiligiúnach/Eiticiúil
- > Litearthacht agus Uimhearthacht

Tuaisceart Éireann:

- > Teanga agus Litearthacht
- > Matamaitic agus Uimhearthacht
- > Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint
- > Na hEalaíona
- > An Domhan Mórthimpeall Orainn
- > Oideachas Reiligiúnach

Spriocdháta le Tionscadail a Chur Isteach: **24 MÁRTA 2017**

GLAC PÁIRT LEIS NA 5 CHÉIM SEO ATÁ ÉASCA

1. FIOSRAIGH

Tá ábhair éagsúla áisiúla ar shuíomh gréasáin na nGradam, www.ourworldirishaidawards.ie, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- > PDFanna in-íoslódáilte d'iris an dalta (cuid faoi Acmhainní)
- > Pleananna ceachta mionsonraithe atá nasctha leis an gcuraclam (cuid faoi Mhúinteoirí), lena n-áirítear:
 - > Bileoga oibre do dhaltai
 - > Bileoga acmhainne do mhúinteoirí
- > Smaointe don dea-chleachtas (cuid faoi Mhúinteoirí)

Beidh na hábhair seo mar chabhair duit agus do do dhaltai le machnamh a dhéanamh agus labhairt faoi na saincheisteanna forbartha agus téama do Ghradaim 2017 a fhiosrú.

NÁ DÉAN DEARMAD:
Líon isteach an Dialann Iontrála (in éineacht leis an leabhrán seo) le do ghrúpa/rang de mar a dhéanann sibh dul chun cinn!


2. ROGHNAIGH

Agus úsáid bainte as an iris agus na pleananna ceachta chun cuidiú le daltaí tuiscint a fháil ar an téama, roghnaigh ábhar cuí a bheadh spéisiúil don tionscadal.

Mar shampla, sna tionscadail d'fhéadfaí díriú ar aon cheann díobh seo a leanas nó orthu uile:

- > an tábhacht a bhaineann leis na Spriocanna Forbartha mar bhealach le feabhas a chur ar shaol leanaí i dtíortha i mbéal forbartha (le haghaidh liosta na dtíortha atá rangaithe go hoifigiúil mar thíortha i mbéal forbartha tabhair cuairt ar www.ourworldirishaidawards.ie/faqs)
- > eispéiris na leanaí i gceann amháin nó níos mó de na 8 dtír chomhpháirtíochta atá ag Éirinn
- > an tábhacht a bhaineann le cúram a thabhairt don timpeallacht mar bhealach le dul i ngleic leis an ocras, an bhochtaineacht, an tathrú aeráide agus an neamhionannas i dtíortha i mbéal forbartha

Cibé ábhar a roghnófar, tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugtar faoi téama 2017 'Do Dhaoine agus don Domhan' sa tionscadal agus go gcuirtear béim ar leith ar chomhthéacs an domhain i mbéal forbartha.



3. CRUTHAIGH

Cruthaigh tionscadal ina léirítear freagairt do ghrúpa/ranga ar théama na bliana seo. Féadfaidh aon chineál tionscadail a bheith ann agus gheobhaidh tú neart smaointe ar an suíomh gréasáin.

Ná déan dearmad an Dialann Iontrála a chomhlánú agus a chur isteach le do tionscadal faoin spriocdháta. Baintear úsáid as an Dialann mar chuid den phróiseas moltóireachta, mar sin tá sé an-tábhachtach go ndéantar an obair a rinne tú féin agus do dhaltai a nótaíl i rith an tionscadail.

4. BÍ RANPHÁIRTEACH

Ba chóir do na daltaí an méid atá foghlamtha acu a chur in iúl don chuid eile den scoil agus/nó den phobal i gcoitinne. Mar shampla, d'fhéadfaidís ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- > labhairt leis na ranganna eile sa scoil
- > póstaer nó eolas a chur ar taispeáint sa scoil nó sa phobal áitiúil
- > tionól nó taispeántas dá gcuid oibre a réachtáil
- > insint do dhaoine faoi cad is féidir leo a dhéanamh chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus an timpeallacht a chosaint
- > scríobh chuig ionadaithe poiblí nó pearsana poiblí
- > scannán nó léiriú sleamhnán a chur le chéile agus a thaispeáint
- > alt nó ríomhphost a chur chuig an nuachtán áitiúil nó chuig nuachtlitr an phobail
- > seó raidió a thairféadadh
- > blag a scríobh nó úsáid a bhaint as na meáin shóisialta leis an dul chun cinn atá déanta acu a thairféadadh agus leis an bhfeasacht a mhúscailt

Ná déan dearmad an chaoi ina mbíonn do dhaltai rannpháirteach le daoine eile a nótaíl sa Dialann Iontrála

5. IONTRÁIL

Déan deimhin de go líontar isteach an fhoirm iontrála, an chuid faoin 'Dialann Iontrálacha' ina measc. Seol isteach é, in éineacht leis an tionscadal, chuig:

Oifig Tionscadal Ghradaim Chúnamh Éireann
Real Nation, Cúirt Fumbally Lána Fumbally
Baile Átha Cliath 8

Nó is féidir leat an tionscadal a chur isteach ar ríomhphost chuig: ourworld@realnation.ie
Spriocdháta leis na tionscadail a chur isteach: **24 Márta 2017**



Le haghaidh tuilleadh mionsonraí faoi iontrálacha na nGradam a chur isteach nó faoi na critéir moltóireachta tabhair cuairt ar: www.ourworldirishaidawards.ie

Le Gradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan, 'Do Dhaoine agus don Domhan' spreagtar múinteoirí agus daltaí smaoineamh ar an gceangal atá idir daoine, ainmhithe agus an timpeallacht, in áiteanna in aice láimhe agus i bhfad i gcéin, agus foghlaim conas a chomhaontaigh gach tír, Éire san áireamh, comhoibriú le chéile chun domhan níos fearr a chruthú, trí Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe.

CIBÉ FÓCAS A ROGHNAÍONN DO DHALTAÍ DÁ DTIONSCADAL, TÁ SÚIL AGAINN GO GCUIRFIDH SIAD NA NITHE SEO A LEANAS SAN ÁIREAMH:

- › An t-idirspheáras idir daoine agus an dúlra
- › Saol na leanaí agus na dteaghlach sa domhan atá i mbéal forbartha
- › Conas atá Éire, trí Chúnamh Éireann, ag obair leis na Spriocanna Domhanda a bhaint amach
- › Cad is féidir linn a dhéanamh le hionchur a bheith againn agus na Spriocanna Domhanda á mbaint amach ar mhaithe le gach duine agus lenár ndomhan, sa lá atá inniu ann agus sa todhcháí



SPRIOCANNA DOMHANDA NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT INBHUANAITHE



Le haghaidh tuilleadh eolais ar Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan agus Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe tabhair cuairt ar:

www.ourworldirishaidwards.ie

Seans go mbeadh sé úsáideach dá gcrochfá an póstaer leis na Spriocanna Domhanda, atá in éineacht leis an leabhrán seo, ar an mballa i do sheomra ranga.



Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade